Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6498/25**

**SOC 94**
**EMPL 66**
**ECOFIN 198**
**UEM 70**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Pleananna Fioscach-Struchtúracha Meántéarmacha: Litir ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta<br>*- Cur i láthair ó na cathaoirligh ábhartha* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo litir ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta maidir le gnéithe fostaíochta agus sóisialta phleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha na mBallstát, atá le cur i láthair ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an 10 Márta 2025.

**An Coiste Fostaíochta**
**An Coiste um Chosaint Shóisialta**

*Na Cathaoirligh*
An 26 Feabhra 2025

*A Uachtaráin, a Airí,*

I gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoin Seimeastar Eorpach, tar éis theacht i bhfeidhm *Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach*, reáchtáil an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta dhá sheisiún tuairimíochta - an 9 Nollaig 2024 agus an 23 Eanáir 2025 - chun gnéithe fostaíochta agus sóisialta na b*Pleananna Fioscach-Struchtúracha Meántéarmacha* nua atá tíolactha ag na Ballstáit go dtí seo a phlé. Ag na seisiúin sin, chuidigh na Coistí freisin leis na moltaí gaolmhara ón gComhairle lena bhformhuinítear na pleananna a ullmhú, i gcomhar le comhlachtaí ullmhúcháin ECOFIN.

Mar is eol daoibh, is iad na pleananna bunchloch chreat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais, creat ina leagtar a chonair coigeartaithe fhioscaigh amach do gach Ballstát chomh maith le hinfheistíochtaí agus athchóirithe poiblí tosaíochta atá dírithe ar inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus ar fhás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe a chothú. Sna seisiúin tuairimíochta sin, iarradh ar thoscaireachtaí ó na 22 Bhallstát a chuir plean isteach an méid seo a leanas a dhéanamh: (i.) béim a leagan ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí a áirítear sa phlean chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le cúrsaí fostaíochta, scileanna agus sóisialta; (ii.) míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht lena gcur san áireamh sa phlean; agus (iii.) a mhéid a bheidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach in ullmhú na bpleananna agus na mbeart atá iontu araon a léiriú. Moladh do na toscaireachtaí freisin ceisteanna i scríbhinn a chur isteach maidir le pleananna na mBallstát eile. Is iad seo a leanas na príomhphointí ón bplé sin:

i. Ar an gcéad dul síos, ba dhíol sásaimh don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta an bhéim láidir a leagadh ar an bhfostaíocht agus ar chúrsaí sóisialta sna pleananna, i gcomhréir leis an gceanglas aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha a rinneadh roimhe seo agus ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta san áireamh. Tá bearta chun beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí oibre agus oideachas agus forbairt scileanna a neartú i ngach ceann de an 22 phlean a cuireadh isteach go dtí seo. Tagann sin leis an ngá ríthábhachtach atá leis an Aontas a dhéanamh níos iomaíche trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas mór i dtaca le saothar agus scileanna, trí rannpháirtíocht grúpaí faoi thearcionadaíocht, go háirithe, i margadh an tsaothair a mhéadú, agus trí fheabhas suntasach a chur ar thorthaí foghlama oideachais agus foghlama aosaí. Áirítear bearta i mbeagnach gach plean freisin chun an baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú, agus chun rochtain ar thithíocht agus ar chúram sláinte a fheabhsú, i gcomhréir leis na tosaíochtaí sóisialta a sainaithníodh i dtimthriallta an tSeimeastair Eorpaigh le déanaí.

ii. Ar an dara dul síos, sna cúig Bhallstát a d'iarr síneadh a chur lena gconair coigeartaithe fhioscaigh, bhain formhór na mbeart atá i gceist le sainchúram chomhlachtaí ullmhúcháin EPSCO. Áirítear orthu sin athchóirithe chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht i margadh an tsaothair (lena n-áirítear trí sheirbhísí cúraim leanaí níos fearr), aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna, agus feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta agus ar chórais cosanta sóisialta, chun gníomhachtú mhargadh an tsaothair a chur chun cinn nó chun coimircí i gcoinne rioscaí sóisialta a neartú. Sna cásanna sin, spreagadh cuimsiú na mbeart sin leis an tionchar dearfach a mheastar a bheidh acu ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach, i gcomhréir leis an dianphlé beartais a rinne ár gCoistí agus an

Chomhairle in 2023 agus 2024 maidir le hacmhainneacht na mbeartas infheistíochta sóisialta.

iii. Cé, de bharr srianta ama, nár ghá comhairliúchán éigeantach leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, ná le páirtithe leasmhara ábhartha eile sa chéad bhabhta de phleananna, léirítear i bhformhór na bpleananna sin go raibh páirtithe leasmhara rannpháirteach ar leibhéil éagsúla agus i bhformáidí éagsúla. Le linn na seisiún tuairimíochta a bhí againn, mhínigh na toscaireachtaí go ndeachthas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta i bhformhór na gcásanna agus gur pléadh réamhdhréacht den phlean nó príomhbhearta sonracha a mheastar a bheith an-ábhartha.

iv. I bhfianaise a thábhachtaí atá na gnéithe fostaíochta agus sóisialta sna pleananna agus a thábhachtaí atá siad laistigh de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, d'iarr an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta níos mó rannpháirtíochta ó chomhlachtaí ullmhúcháin EPSCO. Chuir na Coistí in iúl gur cúis imní dóibh go bhféadfadh raon feidhme leathan na bpleananna tábhacht na bhforálacha atá bunaithe ar na Conarthaí maidir le comhordú na mbeartas fostaíochta agus sóisialta ar leibhéal an Aontais a laghdú, mura gceaptar na pleananna i gcomhréir, *inter alia*, leis an treoir réamhbhreathnaitheach a comhaontaíodh trí na Treoirlínte Fostaíochta. Chun nach dtarlóidh sin agus chun cur chuige ceaptha beartas fíor-chomhtháite a áirithiú, tá gá le comhar níos fearr agus níos struchtúrtha i measc aireachtaí agus comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle chun na pleananna a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus chun grinnscrúdú a dhéanamh orthu ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ba chúis aiféala don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta an éagsúlacht a bhain leis na cleachtais náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm le linn chéim ullmhúcháin na bpleananna agus nár leanadh cleachtais thraidisiúnta an tSeimeastair Eorpaigh nuair a bhí na moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear na pleananna á n-ullmhú.

v. Ar deireadh, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoin gcur chuige a ghlac an Coimisiún chun moltaí ón gComhairle a mholadh. Go háirithe, dúirt siad go n-ardaítear ceisteanna faoi úinéireacht na dtéacsanna críochnaitheacha mar gheall ar raon feidhme teoranta na leasuithe a dhéanann an Chomhairle.

Ag féachaint chun cinn, beidh sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit uile a bhfuil plean tíolactha acu tuairisciú cuimsitheach ar chur chun feidhme an phlean sin trí na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn atá le bheith istigh faoin 30 Aibreán 2025. Ba cheart nuashonruithe a bheith sna tuarascálacha sin maidir leis na bearta a rinneadh chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na moltaí tírshonracha gaolmhara a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, tá rún daingean ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta tacú leis an gComhairle faireachas iltaobhach a dhéanamh ar na pleananna agus imeachtaí gaolmhara na Comhairle a ullmhú, i gcomhréir lena sainordú faoin Seimeastar Eorpach.

Le dea-mhéin,

Emiliano Rustichelli
Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta

Rute Guerra
Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta